



Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha i mbliana ná Scoileanna Caitliceacha: **Pobail an Chreidimh agus an Teacht Aniar.**

Bliain thar a bheith dúshlánach a bhí ann do na daltaí.

Beimid ag iarraidh intinn na scoláirí a athdhíriú, agus an mianach atá iontu a thástáil.

Leanfaidh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha i mbliana
ón Domhnach 24 Eanáir go dtí an Domhnach 31 Eanáir.

Is iad téamaí na laethanta éagsúla ná:

An Luan:

Scoileanna Caitliceacha: Pobail an Chreidimh agus an Teacht Aniar – Creideamh

An Mháirt:

Scoileanna Caitliceacha: Pobail an Chreidimh agus an Teacht Aniar – Muintearas

An Chéadaoin:

Scoileanna Caitliceacha: Pobail an Chreidimh agus an Teacht Aniar – Grá

An Déardaoin:

Scoileanna Caitliceacha: Pobail an Chreidimh agus an Teacht Aniar – Dúshlán

An Aoine:

Scoileanna Caitliceacha: Pobail an Chreidimh agus an Teacht Aniar – Dóchas

Ní fhéadfaí a shamhlú i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020 go mbeadh saol iomlán éagsúil á chaitheamh againn bliain ina dhiaidh. Ní fhéadfaí an saol a chaithimid anois a aithint ón am úd, sa mhéid is go bhfuil sé deacair agus strusmhar anois. Beimid ag díriú ar an gCreideamh agus ar an Teacht Aniar le meabhrú dúinn cé chomh láidir is atá an ról atá ag na scoileanna Caitliceacha i saol an oiread sin duine óg. Is foinse chúraim, aire, fuinnimh agus muintearais an scoil. Bhain tábhacht nach beag leis go bhféadfadh na daltaí filleadh ar an scoil, ní hamháin ó thaobh an tsaoil acadúil de, ach le bheith i dteanna a gcuid cairde agus gaol maith a athbhunú leo, agus le foireann na scoile, leis an muintearas sin a mhothú. Beimid ag díriú i rith na seachtaine ar na trí shuílce dhiaga – Creideamh, Dóchas agus Grá. Aithneoidimid go bhfuil dúshlán mór romhainn ar fad ag an am seo,

ionas go bhfuil tábhacht ar leith ann an muintearas a bheith inár measc. Is í an phaidir a chuirimid suas ar son an uile dhuine a bhaineann le pobail na scoileanna ná:

Nuair a thagann an dorchacht dhiabhláí, bronn an solas orainn. Nuair a fhuaraíonn an t-éadóchas ár gcroí, bronn an dóchas orainn. Nuair a bhaintear barrthuise asainn, ardaigh arís muid. Nuair a bhíonn amhras orainn, bronn an creideamh orainn. Nuair a theipeann ar ár gcuid aislingí, bronn an fhís úr athuair orainn. Nuair a théimid amú, treoraigh ar an mbealach ceart muid. Deonaigh go mbeimid suaimhneach i do láthair, agus sásta do thoil a chur i bhfeidhm.

John D. Rayner

Beidh na hacmhainní ar fad a bhaineann le SSC 2021 ar fáil ar líne arís i mbliana. Tá acmhainn in aghaidh an cheachta don tSraith Shóisearach agus don tSraith Shinsearach. Tacaíonn na gníomhaíochtaí le haidhmeanna na straitéise náisiúnta litearthachta agus uimhearthachta. Tá gníomhaíochtaí féinmhachnamhacha ann a chabhróidh le measúnú a dhéanamh sa seomra ranga. Cuirtear gníomhaíochtaí fairsingithe ar fáil mar rogha bhreise do na daltaí.

Téigh chuig www.catholicschools.ie leis na hacmhainní do SSC 2021 a íoslódáil.

Moladh duit a Thiarna.
Le gach dea-ghuí.

Foireann Scríbhneoireachta na nAcmhainní



MACHNAMH AN LAE

AN LUAN

'I rith deacrachtaí agus duibheagán na míonna seo caite, is iad an muintearas, daonnacht an phobail, ár gcuid creidimh, agus an tiomantas atá ionainn, a thug spreagadh lonrach dúinn. Leanaimis ar aghaidh agus an lóchrann a ardú chun a bheith cinnte faoi nach bhfágfar duine ar bith ina aonar agus muid ag iarraidh bealach úr a aimsiú le saol bríoch a chaitheamh' (An Deagánach Brian Williams).

'Is éard is creideamh ann, ná urra go bhfaighimid na nithe a bhfuilimid ag súil leo agus cruthú gur ann do na nithe nach bhfeicimid' (Eabhraigh 11:1). Bhí an creideamh agus na luachanna spioradálta mar lóchrann do mhórchuid an phobail i rith dheacrachtaí 2020. Bhí an creideamh agus na luachanna spioradálta mar shólás dóibh in am an ghátair. Ba iad an creideamh agus na luachanna spioradálta a spreag daoine le cúram a dhéanamh de na daoine leochaileacha a bhí thart orthu agus a bhí ar an gcaolchuid. Ní éasca an rud é a dhéanamh, ach má bhíonn an creideamh cruthaitheach ionainn, déarfár: 'Is féidir linn!'

AN MHÁIRT

Bhí plean Rialtas na hÉireann le haghaidh athoscailt shlán na scoileanna bunaithe ar chúig phrionsabal na folláine: (1) Mothúchán sláine; (2) Suaimhneas intinne; (3) Muintearas; (4) Ceapadh go bhfuilimid féin agus pobal na scoile éifeachtúil; (5) A bheith dóchasach. I rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha beidh sé mar aidhm againn tacú leis na scoileanna Caitliceacha ó thaobh chúig phrionsabal na folláine a chur i bhfeidhm. Agus é ag trácht ar scríbhinn Naomh Pól, arsa an tAthair Michael Mullins: 'Is í an Eaglais láithreach leanúnach Chríost ar domhan. Déanann Pól forleathnú ar an léargas seo le teagasc a thabhairt dúinn faoin mbealach inar ceart dúinn feidhmiú ar scáth a chéile mar phobal, agus a bheith gníomhach i gcomhar lena chéile mar a fheidhmíonn codanna an choirp.' (https://www.thinkingfaith.org/articles/20081126_1.htm). Ba cheart go mbeadh an cur chuige seo á léiriú sna scoileanna Caitliceacha. Is baill d'aon chorp amháin muid, mar phobal na scoile Caitlicí. Bímid ag saothrú go dian le gur féidir linn a chéile a ghrá. Obair dhúshlánach í seo, ach tacaíonn an creideamh linn, agus cuimhnimis air go gcothaíonn an creideamh, an dóchas agus an grá muid. Is é an grá an ceann is mó acusan.

AN CHÉADAOIN

'A neart féin glóir na n-ógánach, ach an ceann liath maise na seanóirí' (Seanfhocal 20:29). Tugaimid chun cuimhne inniu an gaol as an ngnáth atá ann a nascann óg agus aosta lena chéile. Le tamall anuas níorbh fhéidir le daoine óga dul i dteagmháil le daoine níos sine de bharr shrianta COVID-19. Thug sé seo le fios dúinn an tábhacht a bhaineann le tionchar na ndaoine aosta ar shaol na n-óg. Rinneamar teagmháil leo ar bhealaí cruthaitheacha, trí físchomhrá a dhéanamh leo, nó labhairt leo óna ngairdíní féin. Nuair a bhí sé ag caint le heaspaig na hIodáile sa bhliain 2013, arsa an Pápa Proinsias: 'Braitheann an dóchas agus an todhchaí ar an gcuimhne. Tacaíonn cuimhní na ndaoine aosta linn, ar an aistear saoil. Tá todhchaí na sochaí, agus na sochaí Iodálaigh ach go háirithe, fréamhaithe sna daoine aosta agus i saol na n-óg. Tá an fuinneamh agus an cur chuige i measc na n-óg; is iad an dream aosta an traidisiún beo. An chine nach dtugann aire do na daoine aosta agus don aos óg chomh maith, níl todhchaí ar bith i ndán dóibh toisc go bhfuil an cuimhne agus an gealladh á lot acu. Cuireann óg agus aosta lena chéile. Ní bheidh rath orainn gan an cóimheá sin a chur san áireamh.'



AN DÉARDAOIN

Is cuid den saol é an dúshlán. Cuireadh dúshlán thar an ngnáth romhainne ar fad i mbliana, áfach. Deir Íosa i Soiscéal Mhatha: ‘Tagaigí chugam, sibhse uile a bhfuil saothar agus tromualach oraibh, agus tabharfaidh mé faoiseamh daoibh.’ Is deacair an rud é ar uairibh, na dúshlán a shárú. Bíonn sé de dhualgas orainne sa scoil Chaitliceach an teachtaireacht bheo seo ón Soiscéal a chur i bhfeidhm. Caithfear a mhúineadh do na daltaí an bealach le dóchas a bheith iontu i nDia, fiú mura bhfeictear dóibh go bhfuil dóchas ar bith ann. Goilleann na deacrachtaí a bhaineann le COVID-19 orainne ar fad, ar ár saol, ar ár muintir. Bíonn sé deacair Dia a aithint i measc na ndeacrachtaí seo, ach deir an creideamh Caitliceach atá ionainn go mbíonn Dia inár dteanna i gcónaí. Tugann Íosa cuireadh dúinn teagmháil a bheith againn leis, ionas go dtabharfaidh sé aire dúinn. Chum Bernard Sexton amhrán i gcuimhne ar íospartaigh COVID-19 agus ar a muintir. Rannta cumhachtacha a scríobh sé, le tagairt ó na scríoptúir a thabharfaidh misneach dúinn ag an am deacair seo: ‘Glanfaidh Dia gach deoir ó na súile, tá áitreabh ullmhaithe aige daoibh, agus ní bheidh sibh in bhur n-aonar riamh. Bíodh is go mbeidh stoirmeacha ann, go dtiocfaidh dorchadas ar an saol, nuair a bhíonn saothar an tsaoil thart, ná bíodh amhras nó eagla oraibh.’

AN AOINE

Agus é ag cur leis an méid a dúirt sé leis an bpobal faoin dóchas Críostaí, thug an Pápa comhairle fhairsing dúinn faoin mbealach ina bhféadfaí an dóchas a chothú ionainn. ‘Is cuma cad é an ról a thug Dia dúinn’ ar sé, ‘Bíodh an dóchas i gcónaí ionainn.’ Creidimis san fhírinne ársa álainn, agus bíodh an mhúinín ionainn go bhfuil Dia dár dtreorú, trí ghrásta an Spioraid Naoimh, ionas gur féidir linn croí istigh a bheith againn i mbaclainn Chríost. Ní bhíonn lucht an chreidimh mar aonaráin. Bíonn an dóchas le sonrú i ndaoine eile chomh maith. ‘Leanann an saol ar aghaidh, a bhúí sin do na físithe a chruthaigh na deiseanna dúinn, a thug na huirlisí tógála dúinn, a ghlac leis an spreagadh fiú nuair a bhí an saol ag fonóid fúthu.’

‘Tá muinín ag m’anam as an Tiarna; ar a bhriathar atá mo sheasamh’ (Salm 130:5). Tagann buanna eile chugainn ón dóchas – soirbheachas, dearfach, díograis, misneach, teacht aniar, spreagadh. Bronntanas leanúnach é an dóchas. Is féidir linne an dóchas a scaipeadh i measc an phobail, le dúshlán an ama seo a shárú. Ní éasca an rud é, ach is féidir guí ar son an dóchais, an dóchas a chothú, a scaipeadh, buanna an dóchais a léiriú don saol. Lasann an dóchas aistear an tsaoil, spreagann sé sinn leis an solas a chothú, treoraíonn sé ar an mbealach sinn, cothaíonn sé ár gcroí má bhíonn lagmhisneach orainn. Ní lorgaíonn an dóchas aisíoc ar bith. Mar a dúirt an file Emily Dickinson faoin dóchas: ‘Níor éiligh an dóchas aon chúiteamh orm/fiú ag an am ab ísle i mo shaol.’

